C/2025/2033

14.4.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2033)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Queijo Serra da Estrela’

Uimh. AE: PDO-PT-0213-AM01 — 28.1.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Queijo Serra da Estrela’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ táirgí talmhaíochta

☐ fíonta

☐ deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Phortaingéil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe – An Rannóg um Cháilíocht agus Acmhainní Géiniteacha

—

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ráiteas ina mínítear cén fáth a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143:

Míniú ar an gcúis a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012:

Ar na cúiseanna seo a leanas, ní mheastar go bhfuil na leasuithe sin ina leasuithe ar leibhéal an Aontais de réir bhrí Airteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh.°1151/2012, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2021/2117:

(a) níl i gceist leo athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint, ná ar úsáid an ainm sin;

(b) ní baol go gcuirfidh siad ar neamhní na naisc lena léirítear gur timpeallacht gheografach ar leith, agus gnéithe dúchasacha nádúrtha agus daonna na timpeallachta sin, is cúis, go bunúsach, le cáilíocht nó saintréithe an táirge i dtaca le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint;

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

(c) ní bhaineann siad le sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht;

(d) ní ghabhann tuilleadh srianta leo maidir le margú an táirge.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. Tréithe fisiceacha

Leasaíodh meáchan/méid Queijo Serra da Estrela i bpointe B.1.1, mír (b), den tsonraíocht táirge agus i bpointe 3.2 den doiciméad aonair: ó mheáchan/méid idir 0.5 kg agus 1.7 kg go dtí meáchan/méid idir 0.4 kg agus 1.7 kg, le trastomhas idir 8 cm agus 20 cm agus airde idir 4 cm agus 6 cm.

Leasaíodh meáchan/méid Queijo Serra da Estrela 'Velho' (aibí) i bpointe B.1.2, mír (b), den tsonraíocht táirge agus i bpointe 3.2 den doiciméad aonair: ó mheáchan/méid idir 0,7 kg agus 1,2 kg go dtí meáchan/méid idir 0,3 kg agus 1,2 kg, agus trastomhas idir 6 cm agus 20 cm agus airde idir 2 cm agus 6 cm.

Cúiseanna: Agus tagairt á déanamh do chruth, méid agus meáchan Queijo Serra da Estrela in Antunes et al. (1943), cuirtear in iúl gurb é 1,3 kg go 1,8 kg an meánmheáchan, ach gur gnách freisin cáiseanna is lú (0,5 kg go 1 kg) agus is mó (2,5 kg go 3 kg) a tháirgeadh, go háirithe agus iad beartaithe lena miondíol. Braitheann méid na cáise go ginearálta ar an méid bainne atá ar fáil gach lá.

Léiríonn teistiméireachtaí ó bhéal táirgeadh *queijetas* (cáiseanna beaga) – an t-ainm coitianta a thugtar ar cháiseanna thart ar 0,5 kg – a rinneadh go minic:

— nuair a bhí bainne gann, go háirithe i mí Aibreáin, i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh; nó

— fiú i míonna ina mbíonn gnáth-tháirgeadh bainne, chun an úsáid is iomláine is féidir a bhaint as an ngruth, agus tús áite á thabhairt do thrí nó ceithre cháis bheaga (*queijetas*) a dhéanamh seachas cáis mhór amháin nó dhá cháis mhóra, a aibíonn ar bhealach atá níos dothuartha agus ar deacra iad a dhíol.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

2. Saintréithe ceimiceacha: táscairí anailíseacha táscacha amháin

Leasú ar Airteagal B.2 den tsonraíocht táirge: 'Síneann táirgeadh Queijo Serra da Estrela chomh fada siar sa chianaimsir lena bunús, ach is le déanaí a rinneadh tástálacha anailíseacha nua ar an táirge.' Cuireadh an téacs seo a leanas isteach:

'Ní thugtar le fios leo sin aon athrú ar thíopeolaíocht na cáise, mar a shainítear lena cion saille ar bhonn ábhar tirim (saill/100 g d'ábhar tirim) agus lena cion taise ar bhonn saor ó shaill (MFFB).'

'I bhfianaise an mhéid thuas, is féidir táscairí tagartha a sholáthar le haghaidh shaintréithe anailíseacha Queijo Serra da Estrela, agus i gcás Queijo Serra da Estrela "Velho" níl sna táscairí atá againn faoi láthair ach táscairí táscacha.'

Cúiseanna: Athraíonn na dálaí aeráide sa limistéar geografach sainithe go mór i gcaitheamh na bliana, agus is é an toradh a bhíonn air sin athruithe móra ar chomhdhéanamh cáilíochtúil agus cainníochtúil na bhféarach ar a dtógtar athchogantaigh bheaga go forleathan. Is míniú é sin ar na héagsúlachtaí móra atá i gcomhdhéanamh ceimiceach an bhainne a fhaightear ó chaoirigh Bordaleira Serra da Estrela agus Churra Mondegueira le linn an tséasúir táirgthe bainne.

Cuireann athruithe aeráide ó bhliain go bliain le blianta beaga anuas agus na tinte a tharla le déanaí leis an staid sin. Tá athruithe agus éagsúlachtaí sna saintréithe mar thoradh ar na tosca sin uile, lena gcinntear na héagsúlachtaí réamhluaite sa chomhdhéanamh agus sna cainníochtaí atá ar fáil ag tráthanna áirithe den bhliain, rud a fhágann go bhfuil na héagsúlachtaí réamhluaite i gcomhdhéanamh ceimiceach an bhainne a tháirgeann na hathchogantaigh bheaga.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

3. ‘Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh shainithe é an táirge’ – D. Ráthaíocht thionscnamh geografach an táirge:

I bpointe 1, scriosadh na focail ‘agus an marc deimhniúcháin’.

I bpointe 3, scriosadh na focail ‘agus deimhniú’.

Scriosadh mír (b).

Cúiseanna: Faoin dlí náisiúnta (Ordú Reachtach Uimh. 11/2018), ní ghreamaítear marcanna deimhniúcháin a thuilleadh de lipéadú táirgí a bhfuil ainm acu ar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint é. Tá úsáid marcanna cáiséine údaraithe anois chun na cáiseanna a rianú ar bhealach níos fearr agus chun ráthaíocht níos fearr a sholáthar maidir lena dtionscnamh geografach.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. Comhlíontacht a fhíorú – G. Tagairtí don chomhlacht rialúcháin

Scriosadh an téacs agus cuireadh an méid seo a leanas ina ionad:

‘Is é an t-údarás inniúil (Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe) a fhíoraíonn comhlíonadh na sonraíochta táirge, agus féadfaidh an t-údarás sin an chumhacht sin a tharmligean chuig comhlacht rialaithe (CR) a ainmneoidh an grúpa táirgeoirí agus a bheidh creidiúnaithe chun na críche sin i gcomhréir leis an dlí (caighdeán EN 17065).’

Cúiseanna: I bhfianaise na leasuithe a rinneadh le Rialachán (AE) 2017/625 ar Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus i bhfianaise na reachtaíochta náisiúnta dá dtagraítear thuas (Ordú Reachtach Uimh. 11/2018), lena bhforáiltear nach bhfuil ‘marcanna deimhniúcháin’ le greamú a thuilleadh de lipéadú táirgí ag a bhfuil ainm ar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint é, ní mór forálacha na sonraíochta táirge a shoiléiriú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. Lipéadú

Tá an fhaisnéis seo a leanas le taispeáint ar an lipéadú:

— an t-ainm díolacháin, a léirítear leis na focail ‘QUEIJO SERRA DA ESTRELA – DOP’ [QUEIJO SERRA DA ESTRELA – ATFC] nó ‘QUEIJO SERRA DA ESTRELA VELHO – DOP’ [QUEIJO SERRA DA ESTRELA VELHO – ATFC], de réir mar is iomchuí.

— ainm, ainm cuideachta agus seoladh an táirgeora;

— sonrú ar an gcion saille nó ar an raon saille nó ar an dearbhú cothúcháin;

— an dáta íosmharthanachta, arna léiriú leis na focail ‘B’fhearr roimh dheireadh...’, lena sonraítear an mhí agus an bhliain;

— an teocht stórála arna socrú ag an táirgeoir;

— cainníocht na cáise, arna sloinneadh i gcileagraim (kg) nó in iolraí nó i bhfo-iolraí di;

— na focail ‘déanta as bainne amh’;

— an bhaisc;

— an marc sláinte.

Ní mór ainm nó uimhir aitheantais an chomhlachta rialúcháin a bheith ar lipéadú gach aonaid nó coda cáise freisin.

Cúiseanna:

Faoin dlí náisiúnta (Ordú Reachtach Uimh. 11/2018), ní ghreamaítear ‘marcanna deimhniúcháin’ a thuilleadh de lipéadú táirgí ag a bhfuil ainm ar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint é. Thairis sin, bhí earráid chlóghrafach bheag ach suntasach ar an lipéadú. Ar na cúiseanna thuas, ní mór an tsonraíocht táirge a leasú.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Queijo Serra da Estrela’

Uimh. AE: PDO-PT-0213-AM01 — 28.1.2025

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

‘Queijo Serra da Estrela’

2. **Ballstát nó tríú tír**

an Phortaingéil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód ainmníochta comhcheangailte*

— 04 – TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ INITE DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH BHFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0406 – Cáis agus gruth

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Cáis a fhaightear trí dhraenáil mhall an ghrutha, tar éis téachtadh bainne caorach amh íon a fhaightear ó chaora Bordaleira Serra da Estrela nó Churra Mondegueira, agus bláth an chardúin (*Cynara cardunculus* L.) á úsáid mar bhinid. Is é 30 lá an tréimhse aibithe íosta le haghaidh ‘Queijo Serra da Estrela’. Nuair a shroicheann an t-am aibithe 120 lá ar a laghad, cáilítear an t-ainmniúchán tionscnaimh ‘Queijo Serra da Estrela’ mar ‘Velho’ (aibí).

Is iad seo a leanas príomh-shaintréithe an táirge:

	Queijo Serra da Estrela	Queijo Serra da Estrela Velho
Cruth agus raimhre	Sorcóir gearr (cothrom), aonfhoirmeach, a bhfuil a thaobhanna ag bolgadh agus a bhfuil roinnt bolg ar an mbarr agus gan aon imeall sainithe	Sorcóir gearr (cothrom), aonfhoirmeach, bolg beag nó gan aon bholg ar na taobhanna agus gan aon imeall
Craiceann	Mín agus leathbhog	Idir mín agus beagán rocach agus idir crua agus an-chrua
Meáchan	Idir 0,4 kg agus 1,7 kg	0,3 kg go 1,2 kg
Trastomhas	8 cm go 20 cm	6 cm go 20 cm
Airde	4 cm go 6 cm	2 cm go 6 cm
Uigeacht	Dúnta, measartha ime, a chailleann a cruth nuair a ghearrtar í, dlúth, uachtarúil agus mín, ina bhfuil cúpla súil nó gan iad	Dúnta nó ina bhfuil roinnt súl, corp tirim agus beagán grabhrógach, mín
Dath	Bán nó beagán scothbhuí	Idir scothbhuí agus oráiste/scothdhonn, ag éirí níos dorcha ón taobh amuigh i dtreo an láir
Saintréithe céadfacha	Mín, glan agus cumhracht beagán aigéadach	Deas, marthanach, glan, idir láidir agus beagán láidir agus cumhracht beagán géar/goirt
Saill in ábhar tirim (g/100 g)	45 % go 60 %	> 60 %
Cion taise ar bhonn saor ó shaill (g/100 g)	61 % go 69 %	49 % go 56 %

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin)*

Ní cheadaítear ach córais táirgthe fhairsinge agus leathfhairsinge, agus is é an tógáil lasmuigh an modh is coitianta. Bíonn na hainmhithe ag innilt sa réigiún, áit ina bhfuil fásra fiáin sainiúil, agus ina bhfuil réimse atá idir foraoisí péine, scrobarnach agus móinéir uiscithe. Is cleachtas cuibheasach coitianta é an buailteachas, lena n-aistrítear na hainmhithe chuig gabháltais eile (nó féaraigh) atá lonnaithe sa limistéar geografach céanna, ag brath ar thráth na bliana agus ar an mbeatha atá ar fáil. Fástar speicis eile féaraigh agus farae sa réigiún de ghnáth agus úsáidtear iad chun beatha na gcaorach áitiúil a fhorlíonadh tráth a mbíonn an bheatha an-ghann. Mar sin féin, agus le linn dálaí díobhálacha ithreach agus aeráide amháin (sneachta nó triomaigh, mar shampla), féadfar beathaí ainmhithe díreacha nó cumaisc a úsáid chun aiste bia na n-ainmhithe a neartú, go príomha ag tús agus ag deireadh na tréimhse iompair agus lachtadh faoi lán seoil. Ní mór úsáid na mbeathaí ainmhithe sin a bheith údaraithe ag grúpa na dtáirgeoirí agus déanann an comhlacht deimhniúcháin iad a rialú go cainníochtúil agus go cáilíochtúil araon.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ós rud é nach mór do na hainmhithe a bheith de thionscnamh géiniteach agus críochach deimhnithe, go rialaítear a n-aiste bia le rialacha dochta i dtéarmaí cáilíocht agus cainníocht féaraigh, go bhfuil an comhshaol nádúrtha ríthábhachtach chun bainne agus cáis a fháil ina bhfuil na saintréithe is gá, nach mór faireachán a dhéanamh ar na céimeanna táirgthe uile le haghaidh inrianaitheacht táirgí agus tréithe orgánaileipteacha an táirge deiridh araon, agus gur oibríochtaí fíneálta iad céimeanna an mhonaraithe agus an aibithe i dtéarmaí inrianaitheachta agus i dtéarmaí bharántúlacht, shláinteachas agus airíonna céadfacha an táirge deiridh, ní mór céimeanna táirgthe uile 'Queijo Serra da Estrela' a dhéanamh sa limistéar geografach a shainítear i bpointe 4, ó bhreith na n-ainmhithe go pacáistiú na cáise, cibé cur i láthair tráchtála a úsáidtear.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ós rud é gur táirge beo é 'Queijo Serra da Estrela' a leanann de bheith ag forbairt fiú tar éis é a leasú, a ghearradh agus a phacáistiú, ní fhéadfar na hoibríochtaí sin a dhéanamh ach amháin sa réigiún tionscnaimh i bhfianaise an ghá atá ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

— barántúlacht an táirge agus na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha lena sainítear cáilíocht speisialta na gcáiseanna sin a ráthú – saintréithe nach féidir ach leis na táirgeoirí, a bhfuil cónaí orthu sa réigiún agus a itheann na táirgí sin go tráthrialta, iad a aithint;

— cáilíocht gach cáise a mheasúnú ina haonar sula gcuirtear faoi réir aon cheann de na hoibríochtaí thuasluaite í;

— a áirithiú go bhfanann an cháis uachtarúil mar is saintréith di, fiú nuair a ghearrtar í. Chun é sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach cáiseanna atá aibí go leordhóthanach a roghnú nuair a dhéantar an oibríocht ábhartha;

— a áirithiú, i gcás na cáise aibí ('Velho'), go bhfuil an raimhre is gá ag na slisní agus nach n-imíonn siad ina mbrus. Chun é sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach cáiseanna a roghnú ag a bhfuil an gcumhracht agus an raimhre iomchuí ag an nóiméad beacht le linn na céime aibithe nuair a ghearrtar an cháis;

— a ráthú go gcoinnítear cáil thraidisiúnta an táirge ar bun agus nach mbaintear mí-úsáid as agus nach gcuirtear an tomhaltóir amú;

— a ráthú go gcoinneofar dálaí sláinte agus sláinteachais an táirge ar bun go leanúnach le linn na n-oibríochtaí éagsúla;

— a fhágáil gur féidir faireachán a dhéanamh ar na hoibríochtaí i gceart agus i gcomhréir leis na ceanglais rialála;

— a ráthú go mbeidh gach aonad nó píosa de cháis inrianaithe chuig a shaoráidí táirgthe agus chuig a ghabháltas talmhaíochta, rud a áiritheoidh tionscnamh geografach an táirge.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Chomh maith leis an bhfoclaíocht shainordaitheach a cheanglaítear leis an dlí, tá na focail 'QUEIJO SERRA DA ESTRELA – DOP' [QUEIJO SERRA DA ESTRELA – ATFC] sainordaitheach freisin, arna bhforlíonadh leis an gcáilitheoir 'VELHO' le haghaidh cáiseanna a aibítear ar feadh níos mó ná 120 lá.

4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Tá an limistéar geografach teoranta do bhardais Carregal do Sal, Celorico da Beira, Fornos de Algodres, Gouveia, Mangualde, Manteigas, Nelas, Oliveira do Hospital, Penalva do Castelo agus Seia agus do pharóistí Carapito, Cortiçada, Dornelas, Eirado, Forninhos, Penaverde and Valverde, do bhardas Aguiar da Beira agus na paróistí Anceriz, Barril do Alva, Cerdeira, Coja, Pomares agus Vila Cova do Alva, do bhardas Arganil agus na paróistí Aldeia de Carvalho, Cortes do Meio, Erada, Paul, Sarzedo, Unhais da Serra agus Verdelhos, do bhardas Covilhã agus na paróistí Aldeia Viçosa, Cavadoude, Corujeira, Fala, Famalicão, Fernão Joanes, Maçainhas de Baixo, Mizarela, Pero Soares, Porto da Carne, São Vicente, Sé Seixo Amarelo, Trinta, Vale de Estrelas, Valhelhas, Videmonte, Vila Cortez do Mondego agus Vila Soeiro, do bhardas Guarda agus na paróistí Midões, Póvoa de Midões agus Vila Nova de Oliveirinha, do bhardas Tábua agus na paróistí Canas de Santa Maria, Ferreirós do Dão, Lobão da Beira, Molelos, Mosteiro de Fráguas, Nandufe, Parada de Gonta, Sabugosa, São Miguel do Outeiro, Tonda agus Tondela, do bhardas Tondela agus na paróistí Aldeia Nova, Carnicães, Feital, Fiães, Freches, Santa Maria, São Pedro, Tamanho, Torres, Vila Franca das Naves agus Vilares, do bhardas Trancoso agus na paróistí Fragosela, Loureiro de Silgueiros, Povolide agus São João de Lourosa agus do bhardas Viseu.

5. Nasc leis an limistéar geografach

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Tá an réigiún iomlán suite ar ardchlár Beira, ina bhfuil dálaí agra-aeráide ar saintréithe díobh geimhrí fada, fuara, báistí agus sneachta ó am go chéile, agus samhraí teo, tirime.

Chomh maith leis an gcrannchiseal, tá sraith tor agus plandaí luibheacha sa réigiún seo freisin, a chuimsíonn aiste bia na n-ainmhithe féaraigh. Is éard atá sa tsraith seo den chuid is mó caschoill (*Erica*, *Ulex* (aiteann), *Cytisus* agus *Genista* (giolcach)). Tá an féarach nádúrtha comhdhéanta d'fhéara fiáine buana, agus tá an féarach saothraithe comhdhéanta den chuid is mó de sheamair bhán agus seamair faoi thalamh. Speicis aigéadaifileacha flóra is mó atá ann, arb é atá iontu den chuid is mó féara agus léagúim atá fulangach ar fhuacht, aigéadacht agus torthúlacht íseal ithreach. Is iad coirce, seagal, arbhar Indiach, sorgam farae agus féar móinéir nó seagalach bhliantúil na barra foráiste is minice a úsáidtear.

Tá dhá phór sa réigiún a úsáidtear go heisiach chun an cháis seo a tháirgeadh: pórtha Bordaleira Serra da Estrela agus Churra Mondegueira. Ar feadh na gcéadta bliain, bhain na hainmhithe leas iomlán as na féaraigh thearca sa réigiún seo.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Ar bhonn shaineolas a tháirgeoirí, faightear 'Queijo Serra da Estrela' go heisiach ó bhainne amh, ag úsáid bhláth an chardúin mar théachtach nádúrtha.

Tá saintréithe sainiúla i 'Queijo Serra da Estrela' mar gheall ar na dálaí táirgthe ar a dtugtar tuairisc thuas. Tá cruth cosúil le sorcóir gearr aonfhoirmeach uirthi, a bhfuil a thaobhanna ag bolgadh agus a bhfuil roinnt bolg ar an mbarr agus gan aon imeall sainithe, ag a bhfuil craiceann mín, leathbhog agus uigeacht dhúnta, measartha ime a chailleann a cruth nuair a ghearrtar í. Tá sé dlúth, uachtarúil agus mín, le cúpla súil nó gan iad agus dath bán nó beagán scothbhuí uirthi. Tá cumhracht mhín, ghlan agus beagán aigéadach uirthi. Fásann na saintréithe sin níos láidre go nádúrtha le linn an phróisis aibithe, as a dtagann 'Queijo Serra da Estrela' 'Velho', ar féidir tuairisc a thabhairt uirthi mar a leanas: craiceann atá idir mín agus beagán rocach, raimhre chrua nó an-chrua, uigeacht dhúnta nó ina bhfuil roinnt súl, corp atá tirim agus beagán grabhrógach, mín, dath idir scothbhuí agus oráiste/scothdhonn, ag éirí níos dorcha ón taobh amuigh i dtreo an láir, ag a bhfuil cumhracht dheas, mharthanach, ghlan, idir láidir agus beagán láidir agus beagán géar/goirt.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá aige (i gcás TGFC)*

Go bunúsach, d'éirigh le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus foraoiseachta forbairt i réigiún Serra da Estrela mar gheall ar na dálaí ithreach agus aeráide, agus ceann de na príomhghníomhaíochtaí is ea tógáil caorach na bpórtha áitiúla Bordaleira Serra da Estrela agus Churra Mondegueira. Úsáidtear an bainne a tháirgeann siad chun cáis cháiliúil agus cáis ghrutha Serra da Estrela a dhéanamh, a bhfuil saintréithe sainiúla iontu i dtéarmaí datha, deabholaidh, blais agus uigeachta.

I dtéacsanna le húdair Rómhánacha luadh an réigiún agus na cáiseanna a táirgeadh ann. Tugadh tuairisc ar na cáiseanna freisin mar rogha bia ar bord long le linn Ré na Fionnachtana agus luadh iad i ndrámaí ón séú céad déag.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://tradicional.dgadr.gov.pt/images/prod_imagens/queijos/docs/CE_Queijo_Serra_Estrela_2022.pdf